Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7476/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0065(COD)**

**ECOFIN 249**
**RELEX 278**
**NIS 4**
**COEST 67**
**MED 4**
**ELARG 27**
**CODEC 298**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 163 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Cúnamh Macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe is iarrthóirí agus comharsanachta i gcomhthéacs ghéarchéim phaindéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 163 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 163 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2020
COM(2020) 163 final

2020/0065 (COD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le Cúnamh Macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe is iarrthóirí agus comharsanachta i gcomhthéacs ghéarchéim phaindéim COVID-19

{SWD(2020) 63 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá paindéim COVID-19 tar éis leathadh ar fud na cruinne faoin am seo. Ionfhabhtaíodh níos mó ná 2 mhilliún duine agus fuair beagnach 140 000 duine ar deimhníodh go raibh siad ionfhabhtaithe bás dá dheasca sin (de réir sonraí ó EDS mar a tuairiscíodh an 17 Aibreán). Leis an bhfreagairt tosaigh dírítear ar bheatha daoine a shábháil ar fud na cruinne trí bhearta éagsúla a ghlacadh chun leathadh an víris a shrianadh agus córais cúraim sláinte a neartú. Tá sochaithe agus geilleagair ina stad de thoradh na mbeart sin ach ní féidir aon mhargadh a dhéanamh idir beatha daoine a shábháil agus poist a shábháil. Os a choinne sin, is réamhchoinníoll í an fhorbairt inbhuanaithe, bíodh an fhorbairt sin eacnamaíoch nó sóisialta, chun smacht a chur ar an víreas.

Táthar ag cur beart i bhfeidhm go tapa freisin chun drochthorthaí eacnamaíocha na géarchéime a theorannú. In ainneoin na mbeart sin, mar aon leis an drochthionchar as cúlú domhanda agus na margaí airgeadais atá faoi strus ollmhór, tá an chuid is mó de na comhpháirtithe ar iarrthóirí ionchasacha iad agus de na comhpháirtithe comharsanachta, nó iad ar fad, ar tí dul isteach i gcúlú eacnamaíoch i mbliana. Cé go bhfuil an chúis atá leis an ngéarchéim seo mar an gcéanna do na comhpháirtithe, féadfaidh fad agus déine na géarchéime a bheith difriúil, rud a léiríonn a struchtúr eacnamaíoch agus a gcumas bearta éifeachtacha a dhéanamh i gcoinne na géarchéime. Mar aon le cliseadh na trádála agus aistriú an choil riosca ar shiúl ó na margaí atá ag chun cinn i gcoitinne, is é an cúlú eacnamaíoch is cúis le comhardú a n-íocaíochtaí a bheith faoi strus ollmhór. Ag brath ar leathadh an víris, agus ar a iarmhairtí eacnamaíocha freisin, tá gar-riosca follasach maidir le cobhsaíocht shóisialta agus slándáil ann freisin ina bhféadfadh an riosca sin dul i bhfeidhm ar an réigiún agus lasmuigh de.

**I bhfianaise an mhéid sin, tá an Coimisiún Eorpach ag beartú úsáid a bhaint as cúnamh macrairgeadais chun tacú le 10 gcomhpháirtí chomharsanacha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.**

Tá cúnamh macrairgeadais ar cheann de na hionstraimí de chuid an Aontais Eorpaigh chun freagairt do géarchéimeanna seachtracha. Baintear úsáid as sin chun dul i ngleic le géarchéimeanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí, agus ina theannta sin, baintear úsáid as socrú eisíocaíochta CAI atá faoi réir clár comhaontaithe le haghaidh athchóirithe eacnamaíocha. Sa chás eisceachtúil seo, tá an Coimisiún Eorpach ag beartú **cláir chúnaimh macrairgeadais do chomhpháirtithe freisin a bhaineann leas as cistiú éigeandála ó CAI**, a fhéadfar a chomhaontú gan réamhghníomhaíochtaí agus/nó coinníollacht, tríd an Ionstraim Mhearmhaoinithe (RFI), cuir i gcás. Dá bhrí sin, beidh “na MFAnna géarchéime” **níos giorra ina bhfad** (12 mhí in ionad 2 bhliain go leith) agus ní áireofar orthu **ach dhá eisíocaíocht**. Scaoilfear an chéad eisíocaíocht a luaithe is féidir tar éis an Cinneadh maidir le cúnamh macrairgeadais a ghlacadh agus tar éis an comhaontú comhfhreagrach faoi Mheabhrán Tuisceana a thabhairt i gcrích le gach tairbhí. Déanfar **an dara heisíocaíocht tar éis na coinníollacha** a shonrófar sna Meabhráin Tuisceana **a chomhlíonadh**. Mar is amhlaidh i dtaca le haon chúnamh macrairgeadais, baineann an choinníollacht sin go sonrach le gach comhpháirtí chun a áirithiú go bhfuil sí go hiomlán leordhóthanach, faoi chuimsiú na hionstraime maidir le cúnamh macrairgeadais: cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chothú agus, san am céanna, an bhainistíocht mhaicreacnamaíoch fhoriomlán a fheabhsú, rialachas eacnamaíoch agus trédhearcacht a neartú agus dálaí le haghaidh fás inbhuanaithe athnuaite a

fheabhsú freisin. Thairis sin, is gá í a leagan amach ar bhealach ar féidir í a chur chun feidhme agus an fad ama gairid agus comhthéacs na paindéime atá ag leanúint ar aghaidh á gcur san áireamh.

Tá an Coimisiún Eorpach ag cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra maidir le **cúnamh macrairgeadais i ndáil le méid iomlán EUR 3 bhilliún a dheonú do 10 gcomhpháirtí**. Is é a bheadh sa chúnamh sin iasachtaí meántéarmacha.

Tá sé beartaithe leis an gcúnamh macrairgeadais AE cuidiú le comhpháirtithe freastal ar chuid dá riachtanais phráinneacha maoinithe sheachtraigh i gcomhthéacs chláir CAI atá á gcur chun feidhme faoi láthair agus, dá réir sin, laghdófar a leochailí agus a bheidh comhardú na n-íocaíochtaí ina ngeilleagair sa ghearrthéarma arb é COVID-19 is cionsiocair leis. Leis an gcúnamh atá beartaithe, thabharfaí tacaíocht do chobhsaíocht sheachtrach agus, dá bhrí sin, thabharfaí spás beartais do na húdaráis bearta a chur chun feidhme chun cur i gcoinne na ndrochthorthaí eacnamaíocha de dheasca ghéarchéim COVID-19 agus, san am céanna, spreagfaí cur chun feidhme athchóirithe a bhfuil d'aidhm acu feabhas a chur ar bhainistíocht mhaicreacnamaíoch, ar rialachas eacnamaíoch agus trédhearcacht, agus ar dhálaí le haghaidh fás inbhuanaithe athnuaite.

Tá an cúnamh macrairgeadais atá beartaithe i gcomhréir le haidhmeanna straitéis an Aontais maidir le méadú agus comharsanacht. Thabharfaí le fios do chomhpháirtithe an réigiúin go bhfuil an tAontas réidh le tacaíocht a thabhairt do thíortha san am seo na géarchéime nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún go bhfuil na réamhchoinníollacha polaitiúla agus eacnamaíocha le haghaidh oibríocht MFA den mhéid agus den chineál atá beartaithe comhlíonta.

**Leis an gcúnamh macrairgeadais atá beartaithe, cumhdaítear Poblacht na Albáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an tSeoirsia, Poblacht na Túinéise agus an Úcráin.** Tá an staid ag athrú fós, áfach, agus tá géarchéim COVID-19 éirí níos dúshlánaí i dtíortha eile freisin. Tá cúnamh macrairgeadais ar fáil chomh maith do thíortha incháilithe eile go fóill sna cásanna sin ina bhfuil deacrachtaí comhardaithe íocaíochtaí a d'fhéadfadh teacht chun níos déanaí. Cuirfidh an Coimisiún tús le plé faoi raon feidhme na hionstraime maidir le cúnamh macrairgeadais agus an dóigh a n-imríonn sí tionchar ar bheartais sheachtracha eile de chuid an Aontais.

Tá méid an chúnaimh macrairgeadais bunaithe ar réamh-mheastachán a dhéantar ar riachtanais iarmharacha maoinithe sheachtraigh na gcomhpháirtithe, agus cuireann sé san áireamh a n-acmhainneacht iad féin a mhaoiniú as a gcuid acmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta a chuireann CAI agus an Banc Domhanda ar fáil dóibh. Maidir le méid an chúnaimh a chinneadh, cuirtear san áireamh freisin an gá atá lena áirithiú go mbeidh comhroinnt chothrom ar an ualach idir an tAontas Eorpach agus deontóirí eile, chomh maith leis an imscaradh a dhéantar ar ionstraimí eile airgeadais sheachtraigh de chuid an Aontais atá cheana ann agus an bhreisluach a ghabhann le rannpháirtíocht fhoriomlán an Aontais.

*Comhpháirtithe ar iarrthóirí ionchasacha iad*

**Tá an Albáin go háirithe neamhchosanta ar na drochthorthaí eacnamaíocha de dheasca na paindéime mar gheall ar a dlúthchaidreamh le roinnt Ballstát atá buailte go trom, ar**

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

**thábhacht na turasóireachta agus ar a riachtanais mhóra le hathmhaoiniú.** Is amhlaidh is measa an cás ós rud é go bhfuil acmhainneacht na hearnála sláinte teoranta agus go ndearnadh a lán damáiste leis an gcrith thalún a tharla i Samhain 2019, rud a bhain den spás fioscach a bhí ar fáil cheana féin. Ina ainneoin sin, ghlac an rialtas bearta tacaíochta beartais gan mhoill, tacaíocht tuairim agus 2 % de OTI ar mhaithe leis na gnólachtaí agus na teaghlaigh sin a bhí buailte agus ar mhaithe leis an earnáil sláinte. De réir an buiséid athbhreithnithe, tá an t-easnamh fioscach ag dul chomh hard le 4 % de OTI agus d'fhéadfadh méadú teacht ar an bhfiachas náisiúnta faoi os cionn 69 % de OTI in 2020 cé go bhfuil sin rud beag ródhóchasach de réir cosúlachta. Tá institiúidí idirnáisiúnta ag tuar go dtiocfaidh titim tuairim agus 5 % ar an bhfíor-OTI i mbliana. Chomh maith leis an easnamh fioscach, is gá don rialtas amúchadh an fhiachais sheachtraigh a athmhaoiniú le EUR 545 mhilliún (3.8 % de OTI). Bhíothas a bheartú ar dtús cuid de sin a chumhdach trí bhíthin Eorabhanna EUR 500-600 milliún a eisiúint, ach de réir cosúlachta, tá éiginnteacht mhór ann gur féidir méid chomh mór sin a chur ar an margadh faoi na dálaí atá ann faoi láthair. Tar éis tacaíocht RFI ó CAI, iasachtaí ón mBanc Domhanda agus deontais ó Ionstraim an Aontais Eorpaigh um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), d'fhéadfadh an bhearna mhaoinithe dul chomh hard le 2.5 % de OTI, is é sin le rá tuairim agus EUR 350 milliún. Sa chomhthéacs sin, tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais de EUR 180 milliún.

**Sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, is amhlaidh is mó atá an ráig de phaindéim COVID-19 ag cur leis an moilliú eacnamaíoch atá ar siúl cheana**, go háirithe agus í ag imirt tionchar ar an gcóras iompair agus an turasóireacht, agus ar sheoltáin oibrithe chomh maith, rud a chuimsíonn 5 % de OTI agus ar líne tharrthála thábhachtach iad, go háirithe do theaghlaigh atá ar ioncam íseal. De réir na réamh-mheastachán is déanaí a rinneadh le haghaidh 2020, meastar go mbeidh titim tuairim agus 10 % ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus go dtiocfaidh méadú géar ar an dífhostaíocht. In ainneoin go bhfuil na figiúirí fioscacha ainmniúla measartha fónta, tá acmhainneacht na tíre chun an spás fioscach is gá a chruthú ar gearrfhógra an-teoranta. D'iarr na húdaráis Bhoisniacha maoiniú éigeandála ar CAI cheana, méid suas le EUR 330 milliún (beagnach 2 % de OTI). Mar gheall ar an moilliú eacnamaíoch, beidh titim mhór ar ioncam agus méadú géar ar aistrithe, rud a fhágfaidh go mbeidh méadú mór ar riachtanais mhaoinithe. De réir na meastachán atá ann faoi láthair, léiríodh go mbeidh bearna mhaoinithe tuairim agus EUR 500 milliún fágtha in 2020 (beagnach 2.8 % de OTI), tar éis ranníocaíochtaí ó CAI (suas le EUR 330 milliún, beagnach 2 % de OTI) agus ón mBanc Domhanda (EUR 20 milliún nó 0.1 % de OTI). Mar gheall ar rátáil chreidmheasa íseal na tíre, tá an rochtain atá acu ar mhargaí airgeadais idirnáisiúnta an-teoranta agus tá margaí airgeadais na tíre ró-lag chun freastal ar na riachtanais mhaoinithe sin atá fós ann. Sa chomhthéacs sin, tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais de EUR 250 milliún.

**Tá tionchar tubaisteach ag an ráig de phaindéim COVID-19 agus ag an dúnadh eacnamaíoch a bhaineann léi ar gheilleagar na Cosaive trí chur isteach ar an trádáil agus ar shreafaí airgeadais.** Maoinítear cuid shubstaintiúil den tomhaltas príobháideach le seoltáin dar luach níos mó ná 10 % de OTI, agus is maolú ar an easnamh trádála marsantachta ollmhór (os cionn 40 % de OTI) iad onnmhairithe seirbhísí chuig an diaspóra (sa turasóireacht den chuid is mó). Tá geilleagar na Cosaive leochaileach ar dhóigh eile, is sin le rá go bhfuil an earnáil phríobháideach guagach mar gurb iad na micrifhiontair is mó atá á tiomáint agus nach bhfuil acu ach maoláin leachtachta teoranta. I bhfianaise an mhéid sin, tá fíor-OTI ar tí crapadh faoi tuairim agus 5 % in 2020. In ainneoin go bhfuil na figiúirí fioscacha ainmniúla measartha fónta in 2019, tá an spás fioscach an-teoranta. Ní rochtain ag an gCosaiv ar mhargaí airgeadais idirnáisiúnta (in éagmais rátáil chreidmheasa); tá beagnach dhá thrian dá fiachas iomlán nach mór i seilbh bonn infheisteoirí teoranta in Iontaobhas Urraí Pinsin na Cosaive agus sa bhanc ceannais, méid tuairim agus 38 % agus 23 % den iomlán faoi seach. Is

ann do riosca géar leachtachta agus an t-ioncam poiblí a bheith ag titim go han-tapa mar aon leis na íocaíochtaí bunúsacha móra agus na bearta freagartha géarchéime. Measann CAI go dtitfidh ioncam an rialtais faoi 50-60 % bliain ar bhliain in Aibreán-Meitheamh agus d'fhormheas an rialtas idirthréimhsiúil pacáiste éigeandála EUR 180 milliún. Meastar go dtiocfaidh laghdú breise de 2.5 % de OTI ar iarmhéid bainc an rialtais in 2020, a thit faoin leibhéal dlí-fhorordaithe de 4.5 % de OTI cheana féin. D'iarr an Chosaiv cúnamh leachtachta éigeandála EUR 51.6 milliún ar CAI trí bhíthin RFI agus, ina dhiaidh sin, d'fhormheas Bord CAI an 10 Aibreán é. De réir na réamh-mheastachán atá ann faoi láthair, meastar gur tuairim agus EUR 210 milliún an bhearna mhaoinithe atá fós ann. Sa chomhthéacs sin, tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais de EUR 100 milliún.

**Tá neamhchosaint ar leith ag Montainéagró ar na drochthorthaí eacnamaíocha de dheasca na paindéime mar gheall ar chomh mór agus atá sé ag brath ar an earnáil turasóireachta chomh maith lena riachtanais mhóra maoinithe sheachtraigh.** Tá cúlú mór tuartha i Montainéagró le haghaidh 2020 agus institiúidí idirnáisiúnta ag tuar suas le 9 % i gcrapadh an gheilleagair. Tugtar isteach níos mó ná 20 % de OTI leis an turasóireacht, atá ar na hearnálacha is mó atá buailte, agus ar príomhfhoinse don mhalairt eachtrach, don fhostaíocht agus d'ioncam fioscach í. De thoradh bhearta srianta an choróinvíris, áfach, tá an earnáil turasóireachta agus taistil ina stad agus an hearnálacha sin ar tí dul i mbun gnó in ard an tséasúir. In ainneoin spás fioscach a bheith teoranta, ghlac an rialtas bearta tacaíochta beartais gan mhoill, tacaíocht tuairim agus 2 % de OTI chun cuidiú leis an ngeilleagar déileáil le hiarmhairtí na paindéime. Baineann na bearta go háirithe le híocaíochtaí cánach iarchurtha agus ranníocaíochtaí sóisialta, moratóir ar íocaíochtaí iasachtaí agus íocaíochtaí cíosa le haghaidh léas maoine atá faoi úinéireacht stáit, chomh maith le fóirdheontais do ghnólachtaí agus d'oibrithe. De réir meastacháin tosaigh ón Aireacht Airgeadais, meastar go n-ardóidh an t-easnamh fioscach de níos mó ná 7 % de OTI agus meastar go méadóidh an fiachas náisiúnta de 2.6 pointe céatadáin breise go 82 % de OTI in 2020, an méid is airde sa réigiún. Tar éis iasachtaí ó CAI agus ón mBanc Domhanda agus deontais ón Aontas Eorpach, d'fhéadfadh an bhearna mhaoinithe dul chomh hard le tuairim agus EUR 120 milliún. Sa chomhthéacs sin, tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais de EUR 60 milliún.

**Sa Mhacadóin Thuaidh, cuireadh isteach go mór ar an ngeilleagar mar go bhfuil diantionchar ag na bearta gaibhniúcháin shóisialta ar an aschur agus ar an bhfostaíocht, agus tá gníomhaíochtaí trádála seachtraí buailte go trom.** Tugtar le fios sna réamh-mheastacháin atá ann faoi láthair go bhfuil laghdú tuairim agus 4 % ar fhíor-OIT in 2020. Rinne an Rialtas bearta ceannasacha go tráthúil tacú le leachtacht FBManna agus fostaíocht le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine sna hearnálacha is mó atá buailte. Tá an spás fioscach chun freastal ar na drochthorthaí socheacnamaíocha ón ngéarchéim teoranta, áfach. Sa chás is fearr, measann an rialtas go mbeidh ganntanas ioncaim 20 % in 2020, i gcomparáid leis an mbuiséad tosaigh, agus tá sé beartaithe aige caiteachas a ath-leithdháileadh gan an uasteorainn a ardú. Thabharfadh sin easnamh tuairim agus 8 % le tuiscint, méid atá bunaithe ar OTI 2019. Meastar go dtitfidh aistrithe príobháideacha ó thíortha coigríche ar bhonn suntasach, lena n-áirítear seoltáin oibrithe, chomh maith le hinsreafaí d'infheistíocht dhíreach eachtrach, rud a laghdóidh cumhdach an chúlchiste. Thairis sin, in 2020-2021, beidh ar an rialtas, chomh maith le fiontair phoiblí, aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhóra le hathmhaoiniú intíre agus seachtrach, ar fiú EUR 1.65 billiún iad ar an iomlán (thart ar 7,3 % de OTI 2019 i ngach ceann den dá bhliain). Airítear orthu sin amúchadh Eorabhanna 2014 EUR 500 milliún, codanna d'Eorabhanna 2015 agus ráthaíocht 2013 an Bhainc Dhomhanda atá bunaithe ar bheartais, chomh maith le haisíoc iasachtaí móra seachtracha tráchtála ón bhFiontar Poiblí Bóithre Stáit a bhfuil de chúram air mórbhonneagar iompair de bhóthar a chur chun feidhme. D'iarr an rialtas cúnamh ó CAI trí bhíthin RFI, méid EUR 177 milliún,

chomh maith le hiasacht ar an mBanc Domhanda. De réir na réamh-mheastachán atá ann faoi láthair. beidh bearna mhaoinithe tuairim agus EUR 330 milliún fós ann tar éis cistiú deontas a fháil ó CAI, ón mBanc Domhanda agus ón Aontas Eorpach. Sa chomhthéacs sin, tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais de EUR 160 milliún.

*Comharsanacht an Oirthir*

**Tá cúlú mór tuartha sa tSeoirsia i mbliana agus riachtanais na tíre ag méadú.** Tá geilleagar na Seoirsia buailte go mór ag géarchéim an choróinvíris. De réir réamh-mheastacháin a rinneadh le déanaí agus ar cuireadh tionchar an víris san áireamh iontu, meastar go gcrapfaidh an geilleagar tuairim agus 4 % in 2020. Mar gheall ar chostas na mbeart a bhaineann le tionchar an víris a mhaolú, le caiteachas méadaithe ar chúram sláinte agus ioncam níos ísle, meastar go dtiocfaidh méadú suas le 8 % de OTI ar an easnamh fioscach in 2020. De dheasca ioncam níos ísle ón onnmhairiú seirbhísí (go háirithe ón turasóireacht), insreafaí níos ísle ó sheoltáin, agus is dócha de dheasca insreabhadh níos ísle d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus eis-sreabhadh caipitil punainne, tiocfaidh laghdú mór ar chomhardú íocaíochtaí na Seoirsia freisin. Measann CAI ar bhonn trialach go mbeidh an bhearna sa chistiú seachtrach tuairim agus USD 1.6 billiún in 2020-2021, agus beidh cúnamh de dhíth ar an tSeoirsia óna comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an bhearna sin a chumhdach. An 14 Aibreán thug na húdaráis comhaontú ar leibhéal na foirne i gcrích le CAI lena soláthraíodh méadú ar an gclár reatha de chuid na Saoráide Fadaithe Cistiúcháin (SFC) (cistiú an chláir a eisíocadh ina iomláine nach mór) tuairim agus USD 375 mhilliún as a n-eisíocfar USD 308 mhilliún in 2020. Táthar i mbun caibidlíochta leis an mBanc Domhanda, ADB, *l'Agence française de développement*, Banc Forbartha KfW agus BEI ar bhonn leanúnach maidir lena n-iasachtaí atá bunaithe ar bheartais a mhéadú. Tá an tSeoirsia páirteach i gclár cúnaimh macrairgeadais faoi láthair agus meastar go n-eisíocfar an tráthchuid deiridh de EUR 25 mhilliún sa dara ráithe de 2020 faoi réir coinníollacha an bheartais a comhaontaíodh a chur chun feidhme; tá formhór na gcoinníollacha sin comhlíonta cheana. Ar an iomlán, tá tuairim agus USD 900 milliún de bhearna airgeadais measta na bliana seo le cumhdach fós de réir na faisnéise reatha. Ós rud é go bhfuil ionchais mhaithe freisin ann le haghaidh na ranníocaíochtaí ó chreidiúnaithe eile, tugtar údar ceart le clár nua cúnaimh macrairgeadais de EUR 150 milliún.

**Mar gheall ar thionchar na mbeart chun stop a chur le leathadh víreas COVID-19 agus na drochthorthaí ón gcúlú domhanda, déanfar difear láidir do gheilleagar Phoblacht na Moldóive (dá ngairtear an Mholdóiv anseo feasta) in 2020.** Is iad na seoltáin (méid 15 % de OTI sa Mholdóiv) agus an trádáil le tíortha eile atá buailte ag an ngéarchéim, go háirithe na Ballstáit, príomhbhealaí tarchurtha na géarchéime. Meastar go rachaidh geilleagar na Moldóive isteach i gcúlú in 2020 agus beidh comhardú na n-íocaíochtaí agus an t-airgeadas poiblí faoi bhrú ollmhór mar gheall ar an ngéarchéim. Meastar ar bhonn trialach go bhfuil an bhearna sa chistiú seachtrach USD 800 milliún (tuairim agus 7 % de OTI) in 2020, agus meastar go bhfuil an bhearna sa mhaoiniú fioscach MDL 10.5 billiún (tuairim agus USD 550 milliún). Tá spás beartais áirithe ag an Moldóiv chun cur i gcoinne na suaití ós rud é go raibh an fiachas náisiúnta agus cúlchistí idirnáisiúnta á mbainistiú ar bhonn dearfach le blianta beaga anuas agus go raibh sí ag fáil tacaíocht ó chlár trí bliana SFC/an Chiste Chomhtháthaithe ó CAI, ach sin gan a bheith fadtéarmach agus laistigh de theorainneacha soiléire. Tá CAI sásta tuairim agus USD 240 milliún (EUR 220 milliún) de thacaíocht éigeandála a thabhairt don Mholdóiv chun éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 a mhaolú. Tá an Mholdóiv páirteach i gclár cúnaimh macrairgeadais ar bhonn leanúnach ina bhféadfar an dara tráthchuid agus an tríú tráthchuid de EUR 70 milliún ina n-iomláine a eisíoc ach na coinníollacha a chomhlíonadh sula rachaidh an clár in éag i mí Iúil 2020. Ina theannta

sin, d'fhéadfaí creidmheasanna EUR 200 milliún le haghaidh 2020 ón Rúis a fógraíodh cheana agus a bhí dírithe ar infheistíochtaí bonneagair den chuid is mó, d'fhéadfaí iad a athleithdháileadh chun dul i ngleic le héifeachtaí na géarchéime. Ós rud é go bhfuil an rochtain atá aici ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta teoranta, áfach, bheadh cúnamh breise de dhíth ar an Moldóiv chun an bhearna sa mhaoiniú seachtrach a chumhdach. I bhfianaise an mhéid sin, tugtar údar ceart le clár nua cúnaimh macrairgeadais dar méid EUR 100 milliún.

**San Úcráin, tá an chobhsaíocht mhacra-airgeadais faoi bhrú arís i mbliana, go háirithe tar éis atheagar tobann an rialtais i dtús mhí an Mhárta a rinneadh san am céanna agus an ráig ghéarchéime dhomhanda den choróinvíreas.** Tháinig meath mór ar choinníollacha an mhargaidh airgeadais i lár mhí an Mhárta nuair a tháinig méadú faoi thrí nach mór ar tháirgeacht cheannasach Eorabhanna sular bhain sé leibhéal cobhsaí amach ag tuairim agus 8 %, aníos ó 4.4 % i lár mhí Eanáir. Ós rud é gur measadh go mbeadh laghdú ollmhór ar an ngeilleagar (de réir réamhaisnéisí, idir 4 % agus 9 % in 2020), ba é sin ba chúis le héifeacht dhiúltach ó thaobh na muiníne de agus, dá bharr sin, tháinig méadú an-mhór ar an éileamh ar an airgeadra eachtrach. Bhí ar Bhanc Náisiúnta na hÚcráine coibhéis USD 2.2 billiún a dhíol sa dara leath de mhí an Mhárta, rud a d’fhág gur laghdaíodh a cúlchistí oifigiúla idirnáisiúnta faoi níos mó ná 8 % ón USD 27 mbilliún a tuairiscíodh do dheireadh mhí Feabhra 2020. As buiséad athbhreithnithe 2020 a ghlac an pharlaimint an 13 Aibreán, cuirtear ciste EUR 2.5 billiún ar fáil le haghaidh bearta práinneacha chun i gcur i gcoinne leathadh COVID-19. Bhí coinne leis an meath ar airgeadas poiblí mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch agus, i bhfianaise an mhéid sin, d'athraigh údaráis na hÚcráine easnamh buiséadach 2020 go 7.5 % de OTI, nó a choibhéis USD 11 bhilliún. Cé gur féidir cuid den easnamh buiséadach a mhaoiniú ar bhonn intíre, ní mór don rialtas aisíocaíochtaí USD 5 bhilliún i bhfiachas seachtrach a thabhairt in 2020. Measann CAI go mbeidh an bhearna fhoriomlán sa mhaoiniú seachtrach tuairim agus USD 12 bhilliún in 2020. I bhfianaise an mhéid sin, chomhaontaigh CAI an méid maoinithe ina chlár trí bliana a caibidlíodh le déanaí a mhéadú ó USD 5.5 billiún go USD 10 mbilliún, agus go gcuirfí USD 3.5 billiún den mhéid sin ar fáil i mbliana. Mar aon le hiasacht ón mBanc Domhanda agus an tráinse de EUR 500 milliún atá fágtha de chlár MFA an Aontais, ar ina leith atá na coinníollacha comhlíonta agus a bhfuil coinne lena eisíoc sa dara ráithe de 2020 (chomh luath agus a chuirfear réamhghníomhaíochtaí an chláir nua CAI chun feidhme), tá tuairim agus USD 5 mbilliún maoinithe ar fáil. Níor mhór an chuid eile den bhearna USD 12 bhilliún atá fágtha a chumhdach trí mhaoiniú oifigiúil breise nó trí chúlchistí idirnáisiúnta a tharraingt anuas. Sa chomhthéacs seo, tugtar údar ceart le clár nua cúnaimh macrairgeadais ag a mbeidh imchlúdach iomlán EUR 1.2 billiún.

*Comharsanacht an Deiscirt*

**Ní féidir cúlú eacnamaíoch a sheachaint san Iordáin agus an brú ar chomhardú na n-íocaíochtaí ag dul i méid, rud a léiríonn spás beartas teoranta na tíre.** Meastar go mbeidh tionchar suntasach ag an ráig den choróinvíreas ar gheilleagar na hIordáine trína héifeachtaí suaite ar shreafaí trádála, slabhraí luacha domhanda agus an turasóireacht. Mar gheall ar spás fioscach srianta, tá bearta beartais airgeadaíochta curtha i bhfeidhm den chuid is mó ag an Iordáin go dtí seo chun srian a chur leis an dochar don gheilleagar. Faoi dhianghlasáil ghinearálta, áfach, tá éifeachtacht na mbeart sin laghdaithe. Is dócha anois go mbeidh cúlú sa gheilleagar in 2020 agus iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ar an leibhéal dífhostaíochta atá ard cheana féin (tuairim agus 19 % ag deireadh 2019). Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh fioscach go dtí os cionn 5 % de OTI, go háirithe mar thoradh ar an laghdú a mheastar a bheidh ar ioncam cánach. Mar sin de, is dócha go rachaidh an t-ollfhiachas náisiúnta thar 100 % de OTI in 2020. Má áirithítear iasachtú lamháltais le haghaidh an easnaimh fhioscaigh a mhaoiniú, beidh sin ríthábhachtach ualach an ráta úis a

laghdú agus chun tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais. Fiú roimh an ráig den choróinvíreas, bhí riachtanais shuntasacha maoinithe sheachtraigh ag an Iordáin. I bhfianaise an mhéid sin, ghlac an tAontas oibríocht 500 milliún in Eanáir 2020. Leis an ngéarchéim COVID-19, tá méadú tagtha ar na riachtanais sin a thuilleadh. Meastar go leathnófar an t-easnamh ar an gcuntas reatha atá ann faoi láthair mar gheall ar an laghdú an-mhór ar an turasóireacht, agus go bhféadfadh an méadú suntasach ar na rátaí úis, nach mór do na geilleagair aghaidh a thabhairt orthu, tar-rolladh Eorabhanna USD 1.25 billiún atá ag dul in aibíocht i nDeireadh Fómhair 2020 a chur i mbaol. De réir na faisnéise atá ann faoi láthair, tá EUR 1.5 billiún den bhearna mhaoinithe a mheastar a bheidh ann i mbliana fós le líonadh agus tugtar údar ceart le cúnamh macrairgeadais breise de 200 milliún. Comhcheanglófar sin leis an gclár MFA atá ann faoi láthair go méid iomlán EUR 700 milliún[1].

**Tá tacaíocht idirnáisiúnta de dhíth ar an Túinéis mar go bhfuil riachtanais mhaoinithe mhóra aici agus géarchéim eacnamaíoch ag dul in olcas ann.** Is dócha go mbeidh cúlú eacnamaíoch ag an Túinéis in 2020 mar go ndéanfar difear suntasach don ghníomhaíocht eacnamaíoch leis an laghdú ar an éileamh domhanda agus le héifeacht na mbeart gaibhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm i lár mhí an Mhárta chun stop a chur le leathadh an choróinvíris. Cé gur glacadh bearta airgeadaíochta agus fioscacha chun tionchar eacnamaíoch na géarchéime a mhaolú, is ann do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha fós, tá an spás beartais teoranta agus meastar go dtiocfaidh méadú ar riachtanais maoinithe sheachtraigh le linn na bliana. Mar gheall ar an gcor chun donais, cuirfear brú mór ar an bhfostaíocht agus ar an gcobhsaíocht shóisialta. Dá dheasca sin, beidh meath dian ar an mbuiséad freisin, rud a laghdóidh an t-ioncam agus a chuirfidh brú breise ar chaiteachas a úsáidtear chun tacú leis an ngeilleagar agus leis an gcóras sláinte. Dá thoradh, is dócha go rachaidh an t-easnamh fioscach i méid ar bhonn suntasach agus go dtiocfaidh méadú ar an bhfiachas náisiúnta in 2020. Measann an rialtas go mbeidh easnamh fioscach níos mó ann ná mar a rinneadh a réamh-mheas ( go 4.3 % de OIT) ar ina leith sin a theastódh tuairim agus USD 1 bhilliún (nó 2.6 % de OTI) de mhaoiniú seachtrach breise a imscaradh. Is amhlaidh is mó fós a bheidh comhardú na n-íocaíochtaí (tuairim agus 4.7 % de OTI), mar go mbeidh drochthionchair na paindéime ag dul i bhfeidhm ar an earnáil phríobháideach agus ar a rochtain ar mhaoiniú seachtrach. Mar gheall ar an laghdú géar ar sheoltáin agus ar an turasóireacht (os cionn 7 % de OTI), in ainneoin praghsanna ola a bheith níos ísle, beidh easnamh san ioncam ó mhalairt eachtrach ann freisin. Is dóichí nach mbeidh an rialtas in ann a riachtanais mhaoinithe a chumhdach ó mhargaí intíre ná ó mhargaí idirnáisiúnta in 2020 agus d'iarr sé cúnamh éigeandála choibhéis USD 753 mhilliún (100 % den chuóta) ó CAI. Tá tuairim agus USD 3.5 billiún de mhaoiniú seachtrach de dhíth ar an rialtas i mbliana agus le buaicphointí aisíocaíochta in Aibreán agus i Meitheamh cuirfear brú ar leachtacht. Lena chois sin, tiocfaidh méadú breise ar riachtanais mhaoinithe i gcomhréir le tionchar fioscach COVID-19 agus an fhreagairt air, agus san am ceanna, beidh sé an-dúshlánach rochtain a fháil ar mhargaí airgeadais le linn na bliana agus ní féidir talamh slán a dhéanamh níos mó d'eisiúint mhargaidh USD 1.1 billiún dá bhforáiltear. De réir na faisnéise atá ann faoi láthair, tá EUR 2.5 billiún den bhearna mhaoinithe a mheastar a bheidh ann i mbliana fós le líonadh agus tugtar údar ceart le clár cúnaimh macrairgeadais 600 milliún.

[1] Faoi réir ghlacadh mear an chinnidh ‘omnibus’ maidir le MRA, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cur chun feidhme an Chinnidh seo maidir le MFA le haghaidh na hIordáine a chomhcheangal le cur chun feidhme an chúnaimh macrairgeadais 500 milliún a glacadh in Eanáir 2020. Is é an chiall a bheadh leis sin Meabhrán Tuisceana aonair a chomhaontú leis an Iordáin, ar dá réir a chomhcheanglófaí codanna de na hiasachtaí ón dá Chinneadh sa chéad eisíocaíocht agus sa dara heisíocaíocht, agus gur as Cinneadh Eanáir 2020 amháin a thiocfadh an tríú heisíocaíocht. Dhéanfaí na tréimhsí ina mbeidh an cúnamh ar fáil sa dá Chinneadh a urramú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuirtear an oibríocht MFA atá beartaithe i gcrích faoi dhálaí fíorphráinne an-sonrach a bhaineann le paindéim dhomhanda an choróinvíris. Tá an cúnamh macrairgeadais atá beartaithe i gcomhréir le gealltanas an Aontais tacú le tíortha um méadú agus le comhpháirtithe comharsanachta déileáil lena ndeacrachtaí eacnamaíocha láithreacha. Tá sé i gcomhréir freisin leis na prionsabail faoina rialaítear úsáid an chúnaimh macrairgeadais, lena n-áirítear an ghné eisceachtúil atá leis, réamhchoinníollacha polaitiúla, comhlántacht, coinníollacht agus smacht airgeadais. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh agus déanfaidh sé measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar sin le linn shaolré na n-oibríochtaí MFA, lena n-áirítear na réamhchoinníollacha polaitiúla a mheasúnú, i ndlúthchomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

I gcur chun feidhme an chúnaimh, áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil sé comhsheasmhach le hoibríochtaí MFA a cuireadh i gcrích le déanaí agus atá ar siúl fós, go háirithe iad sin faoi na Cinntí MFA seo a leanas:

- Cinneadh (AE) 2016/1112 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le cúnamh macra-airgeadais breise a sholáthar don Túinéis;
- Cinneadh (AE) 2017/1565 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le cúnamh macra-airgeadais a sholáthar do Phoblacht na Moldóive;
- Cinneadh (AE) 2018/598 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 lena dtugtar tuilleadh cúnamh macra-airgeadais don tSeoirsia;
- Cinneadh (AE) 2018/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena gcuirtear cúnamh macra-airgeadais breise ar fáil don Úcráin;
- Cinneadh (AE) 2020/33 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le cúnamh macra-airgeadais breise a sholáthar do Ríocht Haisimíteach na hIordáine.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tAontas ag baint leas as na hionstraimí go léir atá ar fáil agus ag comhordú go dlúth leis na Ballstáit, mar aon leis na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha, chun freagairt sheachtrach éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, faoin mana 'Foireann na hEorpa'. Is cuid den chur chuige sin i leith na réigiún um méadú agus na réigiún comharsanachta é cúnamh mhacra-airgeadais an Aontais Eorpaigh , rud a chomhlánaíonn méid iomlán EUR 3.87 billiún i ndeontais arna slógadh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, lena n-áirítear maoiniú measctha agus ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais trí bhíthin na hIonstraime Eorpach Comharsanachta agus Fhóram Infheistíochta na mBalcán Thiar. Ina theannta sin, leanfar de bheith ag soláthar iasachtaí le haghaidh infheistíochtaí sna earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach faoi réir Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Bainfidh na comhpháirtithe comharsanachta leas as cláir infheistíochta le tacaíocht ráthaíochtaí EUR 0.5 billiún ó ón gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, a atreorófar chun FBManna den chuid is mó a mhaoiniú.

Trí thacú leis na húdaráis creat iomchuí le haghaidh beartas maicreacnamaíoch gearrthéarmach agus athchóirithe struchtúracha a ghlacadh, mhéadódh cúnamh macrairgeadais an Aontais an breisluach le rannpháirteachas foriomlán AE agus mhéadódh sé éifeachtacht idirghníomhú foriomlán AE, agus ionstraimí airgeadais eile á n-úsáid freisin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 212 CFAE bunús dlí an togra seo. I gcás na práinne atá ann faoi láthair, d'fhéadfaí an togra seo a bhunú freisin ar Airteagal 213 CFAE. Mar sin féin, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún é a chur i láthair ar bhonn Airteagal 212 CFAE chun an gnáth-nós imeachta reachtach a leanúint agus Parlaimint na hEorpa a bheith go hiomlán rannpháirteach ann. Tá an Coimisiún ag brath ar an gcomhar ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an togra a ghlacadh gan mhoill.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní baineann an togra le hinniúlacht eisiach de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach féidir leis na Ballstáit féin na cuspóirí a ghnóthú go leordhóthanach maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch ghearrthéarmach an tairbhí a chur ar ais agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir leis an Aontas Eorpach iad a ghnóthú. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin ná an scála forleathan agus comhordú idir na deontóirí a éascaíodh chun an leas is mó is féidir bhaint as éifeachtacht an chúnaimh.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta: ní théann sé thar an méid is gá chun na cuspóirí maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch ghearrthéarmach a ghnóthú trí riosca mainneachtana a d'fheadfadh a bheith ann agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin.

I bhfianaise mhéid riachtanas maoinithe seachtraigh atá ag na tíortha is tairbhithe in 2020 agus 2021, beidh méid an chúnaimh ag comhfhreagairt do chuid measartha teoranta de na riachtanais sin. De bharr an chúnaimh a gheall deontóirí agus creidiúnaithe déthaobhacha agus iltaobhacha eile do na tairbhithe, measann an tAontas Eorpach gurb iomchuí an t-ualach a roinnt mar sin.

- **An rogha ionstraime**

Ní bheadh maoiniú tionscadal ná cúnamh teicniúil oiriúnach ná leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí maicreacnamaíocha sin. Is é an breisluach is mó a bhaineann leis an gcúnamh macrairgeadais thar aon ionstraim eile atá ag an Aontas Eorpach go gcuirtear chun feidhme go tapa é chun srianta an mhaoinithe sheachtraigh atá ag na tairbhithe anois a laghdú agus, chomh maith leis, go gcruthaítear creat maicreacnamaíoch láidir, lena n-áirítear trí chomhardú íocaíochtaí cobhsaí agus dálaí buiséadacha atá inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le creat iomchuí le haghaidh athchóirithe struchtúracha. Trí chreat foriomlán iomchuí a chur ar bun le haghaidh beartais mhaicreacnamaíocha agus struchtúracha, tá sé de bhua ag an gcúnamh macrairgeadais go gcuirtear le héifeachtacht na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear sna tairbhithe faoi na hionstraimí airgeadais eile sin de chuid an Aontais atá níos spriocdhírithe.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá gach oibríocht MFA faoi réir meastóireacht *ex-post* a dhéantar go hiondúil laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na tréimhse ina mbeidh an cúnamh ar fáil, tréimhse a shainítear sa chinneadh reachtach maidir le cúnamh a dheonú. Tá dhá ghné sa chuspóir: (i) anailís a dhéanamh ar thionchar an chúnaimh macrairgeadais ar gheilleagar an tairbhí agus go háirithe ar inbhuanaitheacht a seasaimh sheachtraigh; (ii) breisluach idirghníomhú AE a mheasúnú.

Is é an chonclúid a baineadh as na meastóireachtaí sin a rinneadh go dtí seo gurb amhlaidh a bhíonn oibríochtaí MFA ina chuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht sheachtrach agus ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch an tairbhí, agus ina chuidiú le gnóthú athchóirithe struchtúracha sa tairbhí. Is chun sochair a chuaigh oibríochtaí MFA do chomhardú íocaíochtaí an tairbhí agus chuidigh sé leis a shrianta buiséadacha a mhaolú. Is toradh eile ar an gcúnamh an méadú beag a tháinig ar an bhfás eacnamaíoch freisin.

Cuirtear i dtábhacht sna meastóireachtaí go léir gur gné thábhachtach de chúnamh macrairgeadais an Aontais i gcomparáid le foinsí malartacha maoinithe iad na téarmaí lamháltais measartha mór, i.e. rátaí úis measartha íseal, aibíocht fhada agus tréimhse chairde fhada. Dá réir sin, cruthaítear spás fioscach agus tá sé ina chuidiú le haghaidh inbhuanaitheacht an fiachais náisiúnta.

Dearbhaítear sna meastóireachtaí *ex-post* freisin gur cuireadh MFAnna roimhe seo i bhfeidhm go héifeachtúil, agus go ndearnadh iad a chomhordú go hinniúil le cláir eile de chuid an Aontais agus le cláir deontóirí eile (go sonrach, CAI agus an Banc Domhanda). Chonacthas go bhfuil coinníollacht an bheartais cúnaimh macrairgeadais ar leithligh ó choinníollacht CAI, ach go ndéantar an choinníollacht sin a chomhlánú agus a threisiú. Léirítear leis an taithí a fuarthas le déanaí má bhíonn dhá chlár neamhspleácha ann ach iad a bheith comhordaithe go gcuirtear leis an gcumas torthaí a bhaint amach, trí choinníollacht chomhlántach agus trí acmhainní airgeadais comhcheangailte.

Tugtar faoi deara sna meastóireachtaí freisin laigí gach oibríochta MFA agus as measc na laigí is coitianta atá ann, ní fheictear iad go soiléir nuair a bhítear á gcur i bhfeidhm agus bíonn an próiseas caibidlíochta fada in amanna. Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh machnaimh ar na teorainneacha sainaitheanta trí bhíthin meastóireacht a dhéanfar go luath, meastóireacht faoi oibríochtaí a cuireadh i gcrích le linn 2010-2020 agus atá le seoladh in 2020. D'fhéadfadh an mheastóireacht sin bonn maith a chur le tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar raon feidhme agus gnéithe eile na hionstraime maidir le MFA agus, chomh maith leis sin, an dóigh a n-úsáidtear í le hionstraimí beartais sheachtraigh eile de chuid an Aontais.

Foilsítear gach tuarascáil deiridh ar mheastóireachtaí críochnaithe *ex post* faoi oibríochtaí MFA ar https://ec.europa.eu/info/evaluation-reports-economic-and-financial-affairs-policies-and-spending-activities_en.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear cúnamh macrairgeadais ar fáil de réir bhunaidhmeanna an Aontais Eorpaigh agus mar fhreagairt idirnáisiúnta fhorleathan ar ghéarchéim COVID-19. Agus an togra seo maidir

le MFA á dhréachtú, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta atá i mbun cláir mhaoiniúcháin measartha mór a chur i bhfeidhm, agus le deontóirí iltaobhacha agus déthaobhacha eile. Bhí an Coimisiún i dteagmháil rialta freisin le húdaráis náisiúnta tairbhithe ionchasacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar gheall ar an ngá atá le próiseas formheasa práinneach, déanfaidh an Coimisiún Measúnú Oibríochtaí ina bhfíorófar cáilíocht agus iontaofacht scagchuarda airgeadais phoiblí agus nósanna imeachta riaracháin an tairbhí, nó más gá le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha.

- **Measúnú tionchair**

Is ionstraim éigeandála eisceachtúil é cúnamh macrairgeadais an Aontais arb é is aidhm di an dá riosca a bheidh ag tríú tíortha a mhaolú, sin le rá an riosca mainneachtana agus an riosca maidir le cliseadh an gheilleagair, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghearrthéarmacha maoinithe sheachtraigh a bheidh ag tairbhithe agus, san am céanna, tacú le bearta beartais arb é is aidhm dóibh comhardú na n-íocaíochtaí agus na staideanna fioscacha a neartú agus tacú le fás inbhuanaithe athnuaite. Mar sin, ní gá, mar chuid den togra seo maidir le cúnamh macrairgeadais, Measúnú Tionchair a dhéanamh i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr (SWD (2015) 111 final) mar go bhfuil riachtanas polaitiúil ann gníomhú go pras i gcás éigeandála seo a dteastaíonn mearfhreagairt ina leith.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is i bhfoirm iasachtaí a sholáthrófaí an cúnamh atá beartaithe agus mhaoineofaí í le hoibríocht iasachtaíochta a dhéanfadh an Coimisiún thar ceann an Aontais. Beidh tionchar buiséadach an chúnaimh comhfhreagrach do sholáthar na méideanna a eisíocfar leis an gciste ráthaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha ón Aontas Eorpach, de réir ráta 9 %. Má ghlactar leis go n-eisíocfar na hiasachtaí in 2020, agus de réir na rialacha lena rialaítear sásra an chiste ráthaíochta[2], déanfar an soláthar sin i mbliain n+2, arb í bliain an eisíoca an bhliain n. Rachaidh na hiasachtaí a eisíocfar in 2020 i gcion ar bhuiséad 2022 mar sin, darb uasmhéid EUR 270 milliún. Má eisíoctar cuid de na hiasachtaí in 2021, déanfar an soláthar comhfhreagrach i mbuiséad 2023.

Measann an Coimisiún go gcuirtear maolán leordhóthanach ar fáil leis na méideanna a chuirtear i leataobh sa Chiste Ráthaíochta chun buiséad an Aontais a chosaint ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann leis na hiasachtaí MFA sin. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfadh méadú teacht ar an ngá le hacmhainní buiséadacha comhlántacha a chur i leataobh ar feadh shaolré na n-iasachtaí mar gheall ar na cúinsí maicreacnamaíocha atá ann i láthair agus comhchruinniú neamhchosaintí ar rioscaí creidmheasa a d'fhéadfadh a bheith ann.

Measann an Coimisiún gur féidir tionchar buiséadach an chúnaimh macrairgeadais atá beartaithe a chumhdach sa togra ón gCoimisiún don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

---

2 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh an tAontas Eorpach cúnamh macrairgeadais de mhéid iomlán EUR 3 bhilliún ar fáil do chomhpháirtithe. Is i bhfoirm iasachtaí meántéarma go fadtéarma a chuirfear ar fáil é, agus beidh sé ina chuidiú leis na riachtanais maoinithe sheachtraigh in 2020-21 a chumhdach.

De réir measúnú tosaigh a rinneadh ar riachtanais mhaoinithe, dáilfear méideanna MFA atá le cur ar fáil ar na tairbhithe mar seo a leanas:

- EUR 180 milliún do Phoblacht na hAlbáine
- EUR 250 milliún don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin
- EUR 150 milliún don tSeoirsia
- EUR 200 milliún do Ríocht Haisimíteach na hIordáine
- EUR 100 milliún don Chosaiv
- EUR 100 milliún do Phoblacht na Moldóive
- EUR 60 milliún do Montainéagró
- EUR 160 milliún do Poblacht na Macadóine Thuaidh
- EUR 600 milliún do Phoblacht na Túinéise
- EUR 1.2 billiún don Úcráin

Tá sé beartaithe an tacaíocht airgeadais a eisíoc ina dhá hiasacht. Meastar go n-eisíocfar an chéad tráthchuid faoi lár na bliana 2020. D'fhéadfaí an dara tráthchuid a eisíoc sa cheathrú ráithe de 2020 agus sa chéad leath de 2021 ar choinníoll go mbeadh na bearta beartais a ghabhann léi sin curtha chun feidhme go tráthúil.

Is é an Coimisiún a bhainisteoidh an tacaíocht sin. Beidh forálacha sonracha maidir le cosc ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile i bhfeidhm, forálacha a bheidh i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Chomhaontóidh an Coimisiún agus údaráis gach comhpháirtí ar leithligh faoi Mheabhrán Tuisceana ina leagfaí amach na bearta le haghaidh bearta athchóirithe a bhaineann le MFA atá beartaithe, lena n-áirítear uainiú agus seicheamhú an chúnaimh. Thairis sin, mar is gnách i gcás cúnamh macrairgeadais, dhéanfaí na heisíocaíochtaí ar choinníoll go mbeadh, *inter alia*, toradh sásúil ar an dul chun cinn a dhéanfaí faoin gclár CAI agus go leanfadh an tairbhí de bheith ag tarraingt as cistí CAI.

Tá clásal éagtha sa togra. Chuirfí an tacaíocht mhacrairgeadais atá beartaithe ar fáil ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, tréimhse a thosódh an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana.

Gach bliain, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Chinnidh seo sa bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Thairis sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh chuspóirí an chúnaimh, lena n-áirítear i gcomhthéacs meastóireacht *ex post* a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dul in éag don tréimhse ina mbeidh an cúnamh ar fáil.

2020/0065 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Cúnamh Macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe is iarrthóirí agus comharsanachta i gcomhthéacs ghéarchéim phaindéim COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 (2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá éifeachtaí díobhálacha ag géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair ar chobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais sna réigiúin um méadú agus sna réigiúin chomharsanachta. Tá comhardú íocaíochtaí agus staid fioscach lag atá ag dul in olcas go tapa le sárú ag comhpháirtithe, agus an geilleagar ag druidim i dtreo cúlú eacnamaíoch. Tá cás láidir ann le haghaidh gníomhú tapa agus cinntitheach ón Aontas Eorpach i dtaca leis na geilleagair sin. Dá bhrí sin, cumhdaítear deich gcomhpháirtí leis an togra seo maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais: Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh sa réigiún um méadú; an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin sa chomharsanacht Thoir agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine agus Poblacht na Túinéise sa chomharsanacht Theas (dá ngairtear "comhpháirtí/comhpháirtithe" anseo feasta).

(2) Baineann á phráinní atá an cúnamh le riachtanas na gcomhpháirtithe maidir le cistí, chomh maith leis na cistí a chuirfear ar fáil trí ionstraimí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus deontóirí déthaobhacha eile, chun spás beartais gearrthéarmach a chruthú do na húdaráis chun bearta a chur chun feidhme chun cur in aghaidh na ndrochthorthaí eacnamaíocha a thiocfaidh as géarchéim COVID-19.

(3) Tá clár a gheobhaidh tacaíocht ó shocrú maoiniúcháin leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) comhaontaithe ag údaráis gach comhpháirtí agus ag CAI, é sin nó meastar go mbeidh ceann comhaontaithe acu go luath.

(4) Is é ba cheart a bheith i gcúnamh macrairgeadais an Aontais ionstraim airgeadais eisceachtúil lena dtugtar tacaíocht neamhcheangailte agus neamhshannta ar mhaithe le

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

comhardú na n- íocaíochtaí, agus é d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha maoinithe sheachtraigh an tairbhí in éineacht le socrú eisíoca leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) atá faoi réir clár comhaontaithe le haghaidh athchóirithe eacnamaíocha. I gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, ba cheart do chúnamh macrairgeadais an Aontais a bheith ar fáil do chomhpháirtithe a bhaineann leas as cistiú éigeandála ó CAI, a fhéadfar a chomhaontú gan réamhghníomhaíochtaí agus/nó coinníollacht, tríd an Ionstraim Mhearmhaoinithe (RFI), cuir i gcás. Dá bhrí sin, ba cheart do thréimhse an chúnaimh a bheith níos giorra, teoranta do dhá eisíocaíocht agus ba cheart é a úsáid mar bhonn le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí sraith theoranta de bhearta um athchóiriú i bhfeidhm.

(5) Tá tacaíocht airgeadais ón Aontas do na comhpháirtithe comhsheasmhach le beartas an Aontais mar a leagtar amach sna beartais chomharsanachta agus beartais um méadú.

(6) Ós rud é gur tíortha aontachais/réamhaontachais nó tíortha a chumhdaítear faoi BCE iad na comhpháirtithe, tá siad incháilithe chun cúnamh macrairgeadais an Aontais a fháil.

(7) Os rud é go meastar go mbeidh riachtanais maoinithe sheachtraigh na gcomhpháirtithe, ar riachtanais iad atá ag dul in olcas go mór, i bhfad níos airde ná na hacmhainní a soláthróidh CAI agus institiúidí iltaobhacha eile, meastar, sna himthosca eisceachtúla reatha, gur freagairt iomchuí ar iarraidh na gcomhpháirtithe ar thacaíocht do chobhsú airgeadais é don Aontas cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil. Thacódh cúnamh macrairgeadais an Aontais leis an gcobhsú eacnamaíoch, agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI á bhforlíonadh.

(8) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag cúnamh macrairgeadais an Aontais staid inbhuanaithe maidir le maoiniú seachtrach a athbhunú do na comhpháirtithe, rud a thacódh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta athnuaite.

(9) Is bunaithe ar réamh-mheasúnú cainníochtúil iomlán ar na riachtanais maoinithe sheachtraigh atá fós ag gach comhpháirtí atá méid an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas, agus cuirtear san áireamh inniúlacht an chomhpháirtí sin a acmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta atá ar fáil aici, a úsáid chun é féin a mhaoiniú. Ba cheart go gcomhlánódh cúnamh macrairgeadais an Aontais na cláir agus na hacmhainní atá á soláthar ag CAI agus ag an mBanc Domhanda. Agus méid an chúnaimh á chinneadh, cuirtear san áireamh, freisin, an gá atá leis an ualach a roinnt go cothrom idir an tAontas agus deontóirí eile, maille leis an úsáid atá á baint cheana as ionstraimí maoinithe sheachtraigh eile an Aontais agus an breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais ina hiomláine.

(10) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil cúnamh macrairgeadais an Aontais i gcomhréir, ó thaobh dlí agus substainte de, le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí, agus leis na bearta a ghlactar laistigh díobh, agus le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais.

(11) Ba cheart cúnamh macrairgeadais an Aontais a thacú le beartas seachtrach an Aontais i dtaca leis na comhpháirtithe. Ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile agus an cúnamh macrairgeadais á oibriú chun beartas seachtrach an Aontais a chomhordú agus chun comhsheasmhacht an bheartais sin a áirithiú.

(12) Ba cheart cúnamh macrairgeadais an Aontais a thacú leis an ngealltanas atá tugtha ag comhpháirtithe luachanna atá i gcoiteann aige leis an Aontas a urramú, amhail an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas, urramú chearta an duine, an fhorbairt

inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta, agus leis an ngealltanas atá tugtha aige maidir le prionsabail na trádála oscailte cothroime atá bunaithe ar rialacha a urramú.

(13) Ba cheart é a bheith ina réamhchoinníoll i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a dheonú don chomhpháirtí nach mór don chomhpháirtí sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n- áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus a ráthú go n- urramófar cearta an duine. Ina theannta sin, ba cheart na cuspóirí sonracha atá le cúnamh macrairgeadais an Aontais éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí sa chomhpháirtí a neartú agus athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le fás inbhuanaithe agus comhdhlúthú fioscach. Ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún araon faireachán rialta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na réamhchoinníollacha sin a chomhlíonadh agus na cuspóirí sin a bhaint amach.

(14) Chun a áirithiú go gcosnaítear ar bhealach éifeachtúil na leasanna airgeadais sin de chuid an Aontais atá nasctha le cúnamh macrairgeadais an Aontais, ba cheart do na comhpháirtithe na bearta iomchuí a dhéanamh a bhaineann le calaois, éilliú agus aon neamhrialtachtaí eile i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an gCoimisiún seiceálacha a dhéanamh, maidir leis an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh agus maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chuid inniúlachtaí a fheidhmiú.

(15) Ní dochar eisíoc chúnamh macrairgeadais an Aontais do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle (ina gcáil mar údarás buiséadach an Aontais).

(16) Ba cheart méideanna an tsoláthair a theastaíonn don chúnamh macrairgeadais a bheith i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséadacha dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

(17) Is é an Coimisiún ar cheart dó cúnamh macrairgeadais an Aontais a bhainistiú. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Chinnidh seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go rialta faoi aon dul chun cinn a dhéantar maidir leis an gcúnamh, agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

(18) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(19) Ba cheart cúnamh macrairgeadais an Aontais a bheith faoi réir coinníollacha beartais eacnamaíoch a bheidh le leagan síos i Meabhrán Tuisceana. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha sin a chaibidliú le húdaráis an chomhpháirtí faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoin Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith leis an nós imeachta comhairliúcháin, mar riail ghinearálta, i ngach cás seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I bhfianaise an tionchair thábhachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag cúnamh de bhreis agus

[3] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

EUR 90 milliún, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh oibríochtaí os cionn na tairsí sin. I bhfianaise mhéid an chúnaimh macrairgeadais atá an tAontas a thabhairt do gach comhpháirtí, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta comhairliúcháin sin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana le Montainéagró, agus ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana leis na comhpháirtithe eile a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, agus dá réir sin, maidir le haon chás ina ndéanfaí an cúnamh sin a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Cuirfidh an tAontas cúnamh macrairgeadais ("cúnamh macrairgeadais an Aontais") ar fáil do Phoblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an tSeoirsia, Poblacht na Túinéise agus an Úcráin ("comhpháirtí/comhpháirtithe"), ar uasmhéid iomlán de EUR 3 bhilliún d'fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na gcomhpháirtithe agus le clár substainteach um athchóiriú. Beidh an cúnamh sin ina chuidiú chun riachtanais na gcomhpháirtithe maidir le comhardú na n-íocaíochtaí, mar a aithníodh iad sa chlár a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), a chumhdach agus cuirfear ar fáil é mar a leanas:

(a) EUR 180 milliún do Phoblacht na hAlbáine;

(b) EUR 250 milliún don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin;

(c) EUR 150 milliún don tSeoirsia;

(d) EUR 200 milliún do Ríocht Haisimíteach na hIordáine;

(e) EUR 100 milliún don Chosaiv;

(f) EUR 100 milliún do Phoblacht na Moldóive;

(g) EUR 60 milliún do Mhontainéagró;

(h) EUR 160 milliún do Poblacht na Macadóine Thuaidh;

(i) EUR 600 milliún do Phoblacht na Túinéise;

(j) EUR 1,2 billiún don Úcráin.

2. Is i bhfoirm iasachtaí a sholáthrófar méid iomlán an chúnaimh macrairgeadais do gach comhpháirtí. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, an t-airgead is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais agus an t-airgead sin a thabhairt ar iasacht don chomhpháirtí. Beidh meánaibíocht uasta de 15 bliana ag gabháil leis na hiasachtaí.

3. Bainisteoidh an Coimisiún eisíoc chúnamh macrairgeadais an Aontais ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí arna dtabhairt i gcrích idir CAI agus an comhpháirtí. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi aon fhorbairtí maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais, lena n-áirítear eisíocaíochtaí an chúnaimh sin, agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstitiúidí sin in am trátha.

4. Cuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil ar feadh tréimhse 12 mhí, tréimhse a thosóidh an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

5. Más rud é, le linn na tréimhse ina mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais á eisíoc, go dtiocfaidh laghdú suntasach ar riachtanais mhaoinithe comhpháirtí i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin tosaigh, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir le hAirteagal 7(2), méid an chúnaimh a laghdú, cuirfidh sé an cúnamh ar fionraí nó cuirfidh sé é ar ceal.

*Airteagal 2*

1. Ba cheart é a bheith ina réamhchoinníoll i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a dheonú don chomhpháirtí nach mór don chomhpháirtí sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, maille leis an smacht reachta, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine.

2. Déanfaidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll sin le linn shaolré an chúnaimh macrairgeadais a thabharfaidh an tAontas.

3. Cuirfear míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i bhfeidhm i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[4].

*Airteagal 3*

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún, i gcomhar le húdaráis gach comhpháirtí, coinníollacha dea-shainithe airgeadais agus an bheartais eacnamaíoch, a mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais faoina réir, agus leagfar na coinníollacha sin síos i Meabhrán Tuisceana ("an Meabhrán Tuisceana") ina mbeidh clár ama chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh. Beidh na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais a leagtar síos sa Mheabhrán Tuisceana comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(3), lena n-áirítear an coigeartú maicreacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an gcomhpháirtí le tacaíocht ó CAI.

2. Leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féachfar, go háirithe, le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí sna comhpháirtithe a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a úsáid. Aon dul chun cinn atá déanta i dtaca le hoscailt fhrithpháirteach an mhargaidh, trádáil chothrom atá bunaithe ar rialacha a fhorbairt, agus tosaíochtaí eile i gcomhthéacs bheartas seachtrach an Aontais, cuirfear san áireamh go cuí é freisin uair a cheapfar na bearta beartais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

3. I gComhaontú Iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis gach comhpháirtí ar leithligh, leagfar síos na téarmaí mionsonraithe airgeadais a ghabhann le cúnamh macrairgeadais an Aontais.

---

4 Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

4. Fíoróidh an Coimisiún go tráthrialta go bhfuiltear ag leanúint de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil beartais eacnamaíocha an chomhpháirtí i gcomhréir leis na cuspóirí atá le cúnamh macrairgeadais an Aontais. Á dhéanamh sin dó, beidh an Coimisiún ag comhordú go dlúth le CAI agus leis an mBanc Domhanda agus, i gcás inar gá, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

*Airteagal 4*

1. Faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh an Coimisiún cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil ina dhá thráthchuid. Leagfar síos méid gach tráthchoda sa Mheabhrán Tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3.

2. Déanfar foráil maidir leis na méideanna de chúnamh macrairgeadais an Aontais, i gcás inar gá, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[5].

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le heisíoc na dtráthchodanna faoi réir gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

   (a) an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2;

   (b) teist shásúil leanúnach maidir le socrú creidmheasa le CAI nach socrú réamhchúraim é a chur chun feidhme;

   (c) na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais a socrófar orthu sa Mheabhrán Tuisceana a chur chun feidhme go sásúil.

   Ní dhéanfar an dara tráthchuid a eisíoc, i bprionsabal, tráth is luaithe ná trí mhí tar éis an chéad tráthchuid a eisíoc.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3, déanfaidh an Coimisiún eisíoc chúnamh macrairgeadais an Aontais a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cúiseanna a bhaineann leis an gcur ar fionraí nó an cur ar ceal sin.

5. Is le banc ceannais an chomhpháirtí a eisíocfar cúnamh macrairgeadais an Aontais. Faoi réir na bhforálacha a socrófar orthu sa Mheabhrán Tuisceana, lena n-áirítear deimhniú na riachtanas maoinithe sheachtraigh atá fós ann, féadfar cistí an Aontais a aistriú chuig an Aireacht Airgeadais ina cáil mar an tairbhí deireanach.

*Airteagal 5*

1. Na hoibríochtaí iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt a bhaineann le cúnamh macrairgeadais an Aontais, is in euro a dhéanfar iad agus beidh an dáta luacha céanna orthu agus ní bhéarfaidh siad go mbeidh aon bhaint ag an Aontas leis an gclaochlú aibíochta, ná ní chuirfidh siad an tAontas i mbaol aon riosca ó thaobh ráta malairte nó ráta úis de, ná aon riosca tráchtála eile.

2. I gcás inar féidir é sna himthosca, agus má iarann an comhpháirtí amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-áireofar

[5] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

clásal luath-aisíocaíochta i dtéarmaí agus coinníollacha na hiasachta agus go mbeidh clásal comhfhreagrach i dtéarmaí agus coinníollacha na n-oibríochtaí iasachtaíochta.

3. I gcás inar féidir ráta úis níos fabhraí i leith na hiasachta a bheith ann sna himthosca agus má iarrann an comhpháirtí amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh iomlán a iasachtaí tosaigh, nó páirt díobh, a athmhaoiniú, nó féadfaidh sé na coinníollacha airgeadais comhfhreagracha a athstruchtúrú. Déanfar oibríochtaí athmhaoiniúcháin nó athstruchtúrúcháin i gcomhréir le míreanna 1 agus 4 agus ní bheidh sé mar éifeacht leo síneadh a chur le haibíocht na n-iasachtaí lena mbaineann ná méid an chaipitil atá gan íoc ar dháta an athmhaoiniúcháin nó an athstruchtúrúcháin a mhéadú.

4. Is ar an gcomhpháirtí a bheidh aon chostas a thabhóidh an tAontas i dtaca leis na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtóireachta faoin gCinneadh seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon fhorbairtí i dtaca leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

*Airteagal 6*

1. Cuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

2. Is faoi bhainistiú díreach a dhéanfar cúnamh macrairgeadais an Aontais a chur chun feidhme.

3. Beidh sa Chomhaontú Iasachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3):

   (a) forálacha lena n-áirithítear go ndearbhóidh an comhpháirtí go tráthrialta gur baineadh úsáid cheart as an maoiniú arna sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais, go ndéanfaidh sé bearta iomchuí chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus, más gá, go dtabharfaidh sé caingean dlí chun aon chistí míleithreasaithe a soláthraíodh faoin gCinneadh seo a aisghabháil;

   (b) forálacha lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus foráil á déanamh go háirithe maidir le bearta sonracha i dtaca le calaois, éilliú agus aon neamhrialtachtaí eile a dhéanann dochar do chúnamh macrairgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[7], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[8] , Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na

---

6 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

7 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

8 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

hEorpa agus ón gComhairle[9] agus, do na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[10]. Go sonrach, chuige sin, údarófar go sainráite don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear, go háirithe, seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, lena n-áirítear oibríochtaí agus agallaimh fóiréinsice digití;

(c) forálacha lena n-údaraítear go sainráite don Choimisiún, nó dá ionadaithe, seiceálacha a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair;

(d) forálacha lena n-údaraítear go sainráite don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh le linn agus i ndiaidh na tréimhse ina mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil, lena n-áirítear iniúchtaí ar dhoiciméid agus iniúchtaí ar an láthair, ar nós measúnuithe oibríochtúla;

(e) forálacha lena n-áirithítear go bhfuil an tAontas i dteideal luath-aisíoc na hiasachta i gcás inar suíodh, i ndáil le bainistiú chúnamh macrairgeadais an Aontais, go raibh baint ag an gcomhpháirtí le haon ghníomh calaoise nó éillithe nó le haon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh dochar do leasanna airgeadais an Aontais.

(f) forálacha lena n-áirithítear gur ar an gcomhpháirtí a thitfidh aon chostas a thabhóidh an tAontas a bhaineann leis an gcúnamh airgeadais.

4. Sula gcuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún measúnú, trí bhíthin measúnú oibríochtúil, ar a fhónta atá socruithe airgeadais an chomhpháirtí, na nósanna imeachta riaracháin, agus na sásraí rialaithe inmheánaigh agus sheachtraigh is ábhartha maidir leis an gcúnamh.

*Airteagal 7*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais do Mhontainéagró, agus beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh 182/2011 maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais do na comhpháirtithe eile a chumhdaítear leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 8*

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh

---

9 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

10 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

seo sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil, déanfar an méid seo a leanas:

(a) Scrúdófar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a chur chun feidhme;

(b) déanfar staid eacnamaíoch agus ionchais na gcomhpháirtithe a mheasúnú, mar aon leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na bearta beartais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur chun feidhme;

(c) sonrófar an chomhbhaint idir na coinníollacha beartais eacnamaíoch a leagtar síos sa Mheabhrán Tuisceana, feidhmíocht leanúnach eacnamaíoch agus fhioscach an chomhpháirtí agus cinntí an Choimisiúin maidir le heisíoc na dtráthchodanna atá i gcúnamh macrairgeadais an Aontais.

2. Tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dul in éag don tréimhse ina mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil, mar a thagraítear di in Airteagal 1(4), cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex-post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus éifeachtúlacht an chúnaimh macrairgeadais ón Aontas agus ar a mhéid a rannchuidigh sé i dtaca leis na cuspóirí a bhí leis an gcúnamh sin a bhaint amach.

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Cúnamh Macrairgeadais do chomhpháirtithe is iarrthóirí agus comharsanachta i gcomhthéacs ghéarchéim phaindéim COVID-19 |

### 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[11]

| | |
|---|---|
| An réimse beartais: | Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais |
| Gníomhaíocht: | Gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais idirnáisiúnta |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

**X** Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[12]

**X** Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| "Borradh nua a chur faoi phoist, fás agus infheistíocht: an rathúnas a chothú lasmuigh den Aontas Eorpach" |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| Cuspóir sonrach Uimh.<br>"An rathúnas a chur chun cinn taobh amuigh den Aontas Eorpach"<br>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann<br>Na gníomhaíochtaí a bhaineann le AS ECFIN, tá baint acu leis an méid seo a leanas:<br>(a) Cobhsaíocht mhacrairgeadais agus athchóirithe spreagtha fáis a chur chun cinn lasmuigh den Aontas Eorpach ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear trí chomhphlé rialta eacnamaíoch le comhpháirtithe tábhachtacha agus trí chúnamh macrairgeadais a sholáthar; agus<br>(b) Tacaíocht a thabhairt don phróiseas maidir le méadú agus do chur chun feidhme bheartas AE maidir le méadú agus bheartas comharsanachta AE agus thosaíochtaí eile an Aontais Eorpaigh i gcomhpháirtithe trí anailís eacnamaíoch a dhéanamh agus trí mheasúnuithe ar bheartais agus comhairle a chur ar fáil. |

---

11 ABM: bainistíocht de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

12 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

- Rannchuidiú le riachtanais maoinithe sheachtraigh an chomhpháirtí a chumhdach i gcomhthéacs an mheathlúcháin mhóir ar a gcuntas sheachtracha de dheasca ghéarchéim reatha COVID-19.
- Riachtanais maoinithe bhuiséadaigh an chomhpháirtithe a mhaolú.
- Tacaíocht a thabhairt don iarracht comhdhlúthaithe fhioscaigh agus don chobhsú seachtrach i gcomhthéacs chlár CAI atá beartaithe.
- Tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe struchtúracha a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an bainistíocht mhaicreacnamaíoch fhoriomlán, an rialachas eacnamaíoch agus an trédhearcacht a threisiú, agus feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh fás inbhuanaithe.

*1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Beidh ceangal ar údaráis na gcomhpháirtithe tuairisc a thabhairt go rialta do sheirbhísí an Choimisiúin faoi thacar táscairí eacnamaíocha agus tuarascáil chuimsitheach a ullmhú faoi chomhlíonadh na gcoinníollacha a comhaontaíodh maidir le beartais sula n-íocfar tráthchodanna na tacaíochta.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais phoiblí, tar éis an mheasúnaithe oibríochtaí ar scagchuarda airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin sna comhpháirtithe, i gcás inar gá. Cuirfidh Toscaireacht an Aontais sna comhpháirtithe tuairiscí ar fáil go tráthrialta faoi shaincheisteanna a bhaineann le faireachán ar an tacaíocht. Fanfaidh seirbhísí an Choimisiúin i ndlúth-theagmháil leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus leis an mBanc Domhanda chun leas a bhaint as an tuiscint atá acu de thoradh a ngníomhaíochtaí reatha sa chomhpháirtí féin.

Leis an gcinneadh reachtach atá beartaithe, foráiltear go gcuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, agus beidh measúnú ar chur chun feidhme na hoibríochta sa tuarascáil sin. Déanfar meastóireacht *ex post* neamhspleách ar an tacaíocht laistigh de dhá bhliain tar éis don tréimhse cur chun feidhme dul in éag.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Beidh eisíocaíocht na tacaíochta ag brath ar chomhlíonadh na réamhchoinníollacha polaitiúla agus ar theist shásúil ar chur chun feidhme socraithe airgeadais idir an comhpháirtí agus CAI. Sa bhreis air sin, tiocfaidh an Coimisiún ar chomhaontú le húdaráis an chomhpháirtí maidir le coinníollacha sonracha beartais, agus liostófar iad i Meabhrán Tuisceana.

Tá sé beartaithe an cúnamh a eisíoc ina dhá thráthchuid. Táthar ag súil gur i dtreo lár 2020 a eisíocfar an chéad tráthchuid. D'fhéadfaí an dara tráthchuid a eisíoc sa cheathrú ráithe de 2020 nó sa chéad leath de 2021 ar choinníoll go mbeidh na bearta beartais a ghabhann le gach tráthchuid curtha chun feidhme go tráthúil.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

Ionstraim atá bunaithe ar bheartais is ea ionstraim an chúnaimh macrairgeadais atá spriocdhírithe ar riachtanais airgeadais sheachtracha a mhaolú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. I gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair, cuideoidh cúnamh macrairgeadais le spás beartais eacnamaíoch a chur ar fáil do na húdaráis chun freagairt eacnamaíoch éifeachtach a thabhairt ar an ngéarchéim. Trí chabhrú leis an gcomhpháirtí na deacrachtaí airgeadais de dheasca ghéarchéim COVID-19 a shárú, rannchuideoidh an cúnamh macrairgeadais le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus cobhsaíocht pholaitiúil a chur chun cinn sna comhpháirtithe. Déanfaidh an cúnamh macrairgeadais comhlánú ar na hacmhainní atá curtha ar fáil ag na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, deontóirí déthaobhacha agus institiúidí airgeadais eile an Aontais Eorpaigh. Agus sin á dhéanamh, rannchuideoidh sé le héifeachtacht fhoriomlán na tacaíochta airgeadais atá curtha ar fáil ag an gcomhphobal idirnáisiúnta, agus an chúnaimh airgeadais eile ón Aontas Eorpach chomh maith, oibríochtaí tacaíochta buiséadaí san áireamh.

Chomh maith le tionchar airgeadais an chúnaimh macrairgeadais, neartóidh an clár atá beartaithe tiomantas na rialtas don athchóiriú agus an uaillmhian atá acu caidreamh níos dlúithe a bhaint amach leis an Aontas Eorpach. Bainfear an toradh sin amach, inter alia, trí choinníollacht iomchuí maidir le heisíocaíocht an chúnaimh. I gcomhthéacs níos leithne, tabharfaidh an clár le fios go bhfuil an tAontas Eorpach réidh chun tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe in aimsir na ndeacrachtaí eacnamaíocha.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais i gcomhpháirtithe, tá siad faoi réir meastóireacht *ex-post*. Is é an chonclúid a baineadh as na meastóireachtaí a rinneadh go dtí seo (ar chláir cúnaimh macrairgeadais atá críochnaithe) gurb amhlaidh a bhíonn an cúnamh macrairgeadais ina chuidiú, bíodh is gur cuidiú ar leibhéal íseal nó indíreach a bhíonn ann uaireanta, le feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht sheachtrach agus ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch sa chomhpháirtí agus go gcabhraíonn sé le hathchóirithe struchtúracha a bhaint amach. I bhformhór na gcásanna, ba chun sochair a chuaigh na hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais do chomhardú íocaíochtaí an chomhpháirtí agus chuidigh lena srianta buiséadacha a mhaolú. Ba thoradh eile ar an tacaíocht gur mhéadaigh ar an bhfás eacnamaíoch de bheagán.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na príomhdheontóirí atá ag na Balcáin Thiar, Comharsanacht an Deiscirt agus Comharsanacht an Oirthir, agus tugann sé tacaíocht dá n-athchóirithe eacnamaíocha, struchtúracha agus institiúideacha maille le tacaíocht dá sochaí shibhialta. Sa chomhthéacs sin, déanann an cúnamh macrairgeadais comhlánú ar ghníomhaíochtaí seachtracha eile an Aontais Eorpaigh nó ionstraimí a úsáidtear chun tacaíocht a thabhairt do na comhpháirtithe. Tá sé gcomhréir leis an gCreat Tacaíochta Aonair ina sainmhínítear réimsí ina ndírítear cúnamh déthaobhach faoin Ionstraim Eorpach Chomharsanachta agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais le haghaidh 2014-2020 freisin.

I gcomparáid le hionstraimí eile de chuid an Aontais, ba é an breisluach ba thábhachtaí a bhainfeadh le cúnamh macrairgeadais creat maicreacnamaíoch cobhsaí a thógáil trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear comhardú íocaíochtaí agus staid

bhuiséadach inbhuanaithe a chothú, mar aon le creat iomchuí chun athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn. Ní thugann an cúnamh macrairgeadais gnáth-thacaíocht airgeadais agus cuirfear deireadh leis a luaithe is a chuirfear staid sheachtrach airgeadais an chomhpháirtí ar ais ar bhealach na hinbhuanaitheachta.

Ina theannta sin, bheadh an cúnamh macrairgeadais comhsheasmhach le hidirghabhálacha atá beartaithe ag an gcomhphobal idirnáisiúnta, go háirithe na cláir um choigeartú agus athchóiriú a dtugann CAI agus an Banc Domhanda tacaíocht dóibh.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais**

**X** Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó Mheitheamh 2020 go Bealtaine 2021

– ☐ Tionchar airgeadais ó 2022 go 2023

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[13]

**X Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

[13] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Cuirfidh an Coimisiún na bearta atá le maoiniú faoin gCinneadh seo chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach óna cheanncheathrú agus le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais.

De chineál maicreacnamaíoch is ea an cúnamh seo agus ceapadh é i gcomhréir leis an gclár eacnamaíoch a bhfuil tacaíocht CAI leis. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhonn an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm shocrú CAI agus ar bhonn bearta athchóirithe sonracha atá le comhaontú le húdaráis na gcomhpháirtithe i Meabhrán Tuisceana (féach freisin pointe 1.4.4), ar mhinicíocht atá ag teacht le líon na dtráthchodanna.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a sainaithníodh*

Tá rioscaí ó thaobh muiníne, polaitíochta agus beartas de ag na hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais atá beartaithe.

Tá riosca ann go n-úsáidfí an cúnamh macrairgeadais ar bhealach calaoiseach. Toisc nach bhfuil an cúnamh macrairgeadais sannta do chostais ar leith (murab ionann agus an maoiniú do thionscadail, mar shampla), tá baint ag an mbaol sin le tosca amhail caighdeán ginearálta na gcóras bainistíochta i mBanc Ceannais agus Aireacht Airgeadais an chomhpháirtí, nósanna imeachta riaracháin, feidhmeanna rialaithe agus maoirseachta, slándáil córas TF agus oiriúnacht na n-inniúlachtaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí.

Tá riosca eile ann, is é sin go mb'fhéidir nach n-éireodh leis an gcomhpháirtí ús a íoc ar a chuid dliteanas airgeadais i leith an Aontais, dliteanais a bheadh ceangailte leis na hiasachtaí cúnaimh macrairgeadais atá beartaithe (riosca mainneachtana nó creidmheasa), rud a d'fhéadfadh titim amach, cuir i gcás, dá rachadh comhordú íocaíochtaí agus staid fhioscach an chomhpháirtí in olcas an athuair.

#### *2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Beidh an cúnamh macrairgeadais faoi réir nósanna imeachta fíorúcháin, rialaithe agus iniúchóireachta faoi fhreagracht an Choimisiúin, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frithchalaoise (OLAF) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa mar a fhoráiltear in Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais

*Ex-ante*: Measúnú an Choimisiún ar chórais bhainistíochta agus rialaithe sna comhpháirtithe. I gcás gach comhpháirtí, déanfaidh an Coimisiún measúnú oibríochtaí *ex-ante* ar na scagchuarda airgeadais agus ar an timpeallacht rialaithe, más gá, le tacaíocht theicniúil ó chomhairleoirí. Déanfar anailís ar nósanna imeachta cuntasaíochta, ar dheighilt na ndualgas agus ar iniúchóireacht inmheánach/sheachtrach an Bhainc Ceannais agus na hAireachta Airgeadais chun leibhéal réasúnta cinnteachta a áirithiú maidir le bainistíocht fhónta airgeadais. I gcás go sainaithnítear aon laige, déanfar coinníollacha díobh, coinníollach nach mór a chur chun feidhme sula ndéanfar an cúnamh a eisíoc. Chomh maith leis sin, nuair is gá, leagfar síos socruithe sonracha le haghaidh íocaíochtaí (e.g. cuntais imfhálaithe).

Le linn an chur chun feidhme: seiceálacha an Choimisiúin ar dhearbhuithe tréimhsiúla na gcomhpháirtithe. Beidh an íocaíocht faoi réir ag (1) faireachán arna dhéanamh ag baill foirne AS ECFIN, i ndlúthchomhar le toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus leis na páirtithe leasmhara seachtracha, CAI mar shampla, ar chur chun feidhme na gcoinníollachtaí arna gcomhaontú, agus (2) an gnáthnós imeachta maidir le rialú dá bhforáiltear ag an scagchuaird airgeadais (samhail 2) a úsáidtear in AS ECFIN, lena n-áirítear fíorúchán arna dhéanamh ag an aonad airgeadais ar na coinníollacha atá curtha le heisíocaíocht an chúnaimh a luaitear thuas. An eisíocaíocht a bhaineann le hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais, d'fhéadfadh sí a bheith faoi réir fíorúcháin bhreise neamhspleácha *ex-post* (doiciméadacha agus/nó ar an láthair) arna ndéanamh ag oifigigh na foirne rialaithe *ex-post* ón Ard-Stiúrthóireacht. Féadfar fíorúcháin den sórt sin a thionscnamh freisin ar iarraidh ón oifigeach údarúcháin trí fhotharmligean atá freagrach as. Is féidir úsáid a bhaint as briseadh íocaíochtaí agus íocaíochtaí a chur ar fionraí, ceartúcháin airgeadais (arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún) agus aisghabhálacha i gcás inar gá (níor tharla sé go dtí seo), agus foráiltear go sainráite dóibh sna comhaontuithe maoinithe leis na comhpháirtithe.

2.2.3. *Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Na córais rialaithe atá ann, mar atá na measúnuithe oibríochtaí *ex-ante* nó na measúnuithe , d'áirithigh siad ráta earráide éifeachtach 0 % maidir leis na híocaíochtaí cúnaimh macrairgeadais. Ar feadh a bhfuil ar eolas againn, ní ann d'aon chás calaoise, éilithe ná gníomhaíochta mídhleathaí. Tá loighic shoiléir idirghabhála ag oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais, loighic a fhágann go bhfuil an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchar. A bhuí leis na rialuithe, táthar in ann cinnteacht a dheimhniú agus cuspóirí beartais agus tosaíochtaí a bhaint amach.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Chun na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid chalaoiseach a mhaolú, tá roinnt beart déanta cheana agus déanfar bearta eile amach anseo:

I dtús báire, is éard a bheidh sa Chomhaontú Iasachta tacar forálacha maidir le cigireacht, calaois a chosc, iniúchtaí agus aisghabháil cistí i gcás calaoise nó caimiléireachta. Anuas air sin, tá sé beartaithe go gceanglófar roinnt coinníollacha beartais sonracha leis an tacaíocht, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le réimse na bainistíochta airgeadais phoiblí, agus é sin d'fhonn éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a threisiú. Ina theannta sin, déanfar an t-airgead a lóisteáil i gcuntas ar leith de chuid Bhanc Ceannais an chomhpháirtí.

Thairis sin, i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Airgeadais, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, más gá, Measúnú Oibríochtaí ar scagchuarda airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin an chomhpháirtí chun a fháil amach an bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha á dtabhairt ag na nósanna imeachta atá ann maidir le bainistíocht na gclár cúnaimh, cúnamh macrairgeadais san áireamh. Cumhdaítear leis an measúnú saincheisteanna ar nós ullmhúchán agus feidhmiú an bhuiséid, rialú airgeadais inmheánach poiblí, iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, soláthar poiblí, bainistíocht airgid thirim agus fiachais phoiblí, chomh maith le neamhspleáchas an bhainc ceannais. Déanfaidh Toscaireacht an Aontais Eorpaigh sa chomhpháirtí féin grinnfhaireachán breise ar fhorbairtí sa réimse sin. Ina theannta sin, tá tacaíocht

bhuiséadach á húsáid ag an gCoimisiún chun cabhrú le húdaráis na gcomhpháirtithe féin a gcórais bainistithe airgeadais phoiblí a fheabhsú, agus tacaíonn deontóirí eile go mór leis na hiarrachtaí sin.

Ar deireadh, beidh an cúnamh macrairgeadais faoi réir nósanna imeachta fíorúcháin, rialaithe agus iniúchóireachta faoi fhreagracht an Choimisiúin, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frithchalaoise (OLAF) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa mar a fhoráiltear in Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

  In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil **2014-2020** | Líne bhuiséid | Type of caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LD/LN[14]. | ó thíortha de chuid CSTE[15] | ó thíortha is iarrthóirí[16] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(a) den Rialachán Airgeadais |
| 4 | 01 03 02<br>Cúnamh macrairgeadais | LD | Líon | Líon | Líon | Líon |
| 4 | 01 03 06<br>Soláthar don Chiste Ráthaíochta | LN | Líon | Líon | Líon | Líon |

- 01 03 06 – De réir an togra ón gCoimisiún, déanfar soláthar don Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha i gcomhréir le Rialachán Uimh. 480/2009 maidir leis an gCiste Ráthaíochta, ag úsáid na leithreasuithe faoi líne bhuiséid 01 03 06 ("Soláthar don Chiste Ráthaíochta"), agus ag ráta 9 % de na dliteanais chaipitil iomlána gan íoc. Ríomhfar méid an tsoláthair ag tús na bliana "n" mar an difríocht idir an spriocmhéid agus glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana "n-1". Déanfar an méid sin a iontráil le linn na bliana "n" sa dréachtbhuiséad do "n+1" agus íocfar go héifeachtach é in aon idirbheart amháin i dtús na bliana "n+1" as an líne bhuiséid "Soláthar don Chiste Ráthaíochta" (líne bhuiséid 01 03 06). Dá thoradh sin, déanfar 9 % den mhéid a íocfar amach go héifeachtach, déanfar é chur san áireamh sa spriocmhéid ag deireadh na bliana "n-1" chun an soláthar don Chiste a ríomh.

- NB. Beidh ainmníocht bhuiséadach nua ann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh 2021-2027, nár glacadh go fóill. Mar sin, is ar na línte buiséid a thiocfaidh i gcomharba air seo a bheith an tionchar buiséadach.

[14] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[15] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[16] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 4 | An tAontas ina chomhpháirtí domhanda |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: ECFIN | | | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **•Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí** | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 01 03 06 Soláthar don Chiste Ráthaíochta | Gealltanais | (1) | | | 270,0 | | **270,0** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | 270,0 | | **270,0** |
| Líne bhuiséid 01 03 02 Cúnamh macrairgeadais (measúnú oibríochtaí agus meastóireacht *ex-post*) | Gealltanais | (3a) | 0,350 | | | 0,450 | **0,800** |
| | Íocaíochtaí | (4a) | 0,350 | | | 0,450 | **0,800** |
| **Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach**[17] | | | - | - | - | - | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =1+3 | 0,350 | | 270,0 | 0,450 | **270,8** |
| | Íocaíochtaí | =2+4 | 0,350 | | 270,0 | 0,450 | **270,8** |

17 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ECFIN | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 1,614 | - | 0,007 | 0,009 | **1,630** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,240 | - | - | - | **0,240** |
| **IOMLÁN AS ECFIN** | Leithreasuithe | 1,854 | - | 0,007 | 0,009 | **1,870** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 2,204 | | 270,007 | 0,459 | 272,670 |
| | Íocaíochtaí | 2,204 | | 270,007 | 0,459 | 272,670 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | **2020** | | **2021** | | **2022** | | **2023** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[18] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[19]... | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | **Measúnú Oibríochtaí** | | 5 | 0,350 | | | | | | | | |
| - Aschur | **Soláthar don Chiste Ráthaíochta** | | | | | | 1 | 270,0 | | | | |
| - Aschur | **Meastóireacht *ex-post*** | | | | | | | | 3 | 0,450 | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | |

18 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

19 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS IOMLÁN** | | 0,350 | | | | 270,0 | | 0,450 | | **270,8** |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1,614 | - | 0,007 | 0,009 | **1,630** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,240 | - | - | - | **0,240** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 1,854 | - | 0,007 | 0,009 | **1,870** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[20] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[20] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 7,5 | | 0,03 | 0,04 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[21] | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch") | | 5,75 | | 0,03 | 0,03 |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [22] | - sa cheanncheathrú | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach) | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **13,25** | | **0,06** | **0,07** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Stiúrthóir Stiúrthóireacht D ECFIN: An oibríocht a mhaoirsiú agus a bhainistiú, dul i gcomhairle leis an gComhairle agus leis an bParlaimint maidir le glacadh an Chinnidh agus maidir le formheas an Mheabhráin Tuisceana (MT), an MT a chaibidliú le húdaráis an tairbhí, tuarascálacha a athbhreithniú, misin a stiúradh agus an dul chun cinn i dtaobh comhlíonadh na coinníollachta a mheasúnú.<br><br>Ceann Aonaid/Leascheann Aonaid Stiúrthóireacht D ECFIN: Cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir maidir leis an méid seo a leanas: an oibríocht a bhainistiú, dul i gcomhairle leis an gComhairle agus leis an bParlaimint maidir le glacadh an Chinnidh agus maidir le formheas an MT, an MT agus (in éineacht le Stiúrthóireacht D) an Comhaontú Saoráide Iasachta a chaibidliú le húdaráis an tairbhí, tuarascálacha a athbhreithniú agus an dul chun cinn i dtaobh comhlíonadh na coinníollachta a mheasúnú.<br><br>Eacnamaithe, Earnáil CMA (Stiúrthóireacht D) ECFIN: An Cinneadh agus an MT a ullmhú, dul i gcomhairle leis na húdaráis agus leis na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, misin athbhreithnithe a sheoladh, tuarascálacha fhoireann an Choimisiúin a ullmhú mar aon le nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le bainistiú an |

21 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

22 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

| | |
|---|---|
| | chúnaimh, dul i gcomhairle le saineolaithe seachtracha maidir leis an measúnú oibríochtaí agus maidir leis an meastóireacht *ex-post*.<br><br>Stiúrthóireacht E BUDG (Aonaid E1, E2 agus E3 faoi mhaoirseacht an Stiúrthóra): An Comhaontú Saoráide Iasachta a ullmhú, é a chaibidliú le húdaráis an tairbhí agus é a fháil formheasta ag na seirbhísí de chuid an Choimisiúin a bhfuil an cúram sin orthu, agus é a fháil sínithe ag an dá pháirtí. Teacht i bhfeidhm an Chomhaontuithe Saoráide Iasachta a leanúint. Cinneadh nó cinntí an Choimisiúin a ullmhú maidir leis na hidirbhearta iasachta, cur isteach na nIarratas ar Chistí a leanúint, na bainc a roghnú, na hidirbhearta iasachta a ullmhú agus a chur i gcrích agus na cistí a eisíoc leis an tairbhí. Na hoibríochtaí cúloifige a dhéanamh lena leantar aisíocaíocht na hiasachta/na n-iasachtaí. Na tuarascálacha comhfhreagracha a ullmhú maidir leis na hoibríochtaí sin. |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– **X** Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh cén t-athshannadh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– **X** Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú a bhfuil meastachán air thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– **X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
– ☐ ar acmhainní dílse
– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[23] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

23 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.